2025/1811

12.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1811 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Meán Fómhair 2025

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 21 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón ('DCOIT') le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta go dtí an 30 Meitheamh 2023 faoin Rialachán sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 23 Nollaig 2021, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 ('an t-iarratas').

(3) An 24 Deireadh Fómhair 2022 chuir údarás inniúil meastóireachta na hIorua an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas ar athnuachan an fhormheasa maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál 8. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirtear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, tá an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') le tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/471 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2025 dáta éaga an fhormheasa maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirgí 8-31 chun go mbeadh am leordhóthanach ann scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(7) An 26 Feabhra 2025, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta in iúl don Choimisiún go bhfuil moill ar an meastóireacht ar athnuachan an fhormheasa maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 mar gheall ar an ngá atá le ham breise chun an measúnú ar airíonna suaiteora inchrínigh a chur i gcrích. Tá coinne ag an údarás inniúil meastóireachta leis go gcuirfidh sé an tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid na Gníomhaireachta in 2027.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 437/2014 ón gCoimisiún ([4]), formheasadh DCOIT mar shubstaint ghníomhach lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(9) An formheas maidir le DCOIT a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025. An 28 Meitheamh 2024, cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ar athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21.

(10) An 26 Feabhra 2025 chuir údarás inniúil meastóireachta na hIorua an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur ghá meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas ar athnuachan an fhormheasa maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál 21.

(11) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dócha go rachaidh an formheas maidir le DCOIT lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirgí 8 agus 21 in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa maidir le DCOIT lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 21 a chur ar atráth go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais. Agus na teorainneacha ama á gcur san áireamh chun go ndéanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta an mheastóireacht, chun go n-ullmhóidh an Ghníomhaireacht na tuairimí uaithi agus chun go gcuirfidh sí isteach iad, agus an t-am a thógfaidh sé don Choimisiún cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le DCOIT, ba cheart an dáta éaga maidir le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 21 a chur ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2028.

(12) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth, beidh DCOIT formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 8 agus 21 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE agus san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 437/2014 faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE, cuirfear ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2028 é.

Airteagal 2

Dáta éaga an fhormheasa maidir le 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 437/2014, cuirfear ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2028 é.

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/471 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 6.3.2023, lch. 179; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/471/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 437/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena bhformheastar 4,5-Déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 21 (IO L 128, 30.4.2014, lch. 64; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/437/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN